EAGRÁN GHEIMHREADH 2020

# RANNÁN CULTÚIR



Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Nuachtlitir idirghníomhach

## Comóradh Cholm Cille 1500

I gcuideachta Naomh Pádraig agus Naomh Bríd is duine de naomhphátrúin na hÉireann é Naomh Colm Cille, ar a dtugtar fosta Naomh Columba. Rugadh Naomh Colm Cille i nGartán, Contae Dhún na nGall ar 7 Nollaig, 521 A.D. nó 520 A.D. Tá cuid mhór áiteanna a bhfuil baint acu lena shaol agus go leor eile tiomnaithe dó. In 545 A.D., bhunaigh Colm Cille an chéad mhainistir aige i nDoire. In 563 A.D. sheol Naomh Colm Cille agus dhá mhanach déag ó Dhoire go hOileán Í in Albain. Fuair sé bás ar Oileán Í ar 9 Meitheamh 597 A.D agus ceiliúrtar Lá Fhéile Cholm Cille  ar an dáta sin gach bliain.



*Is séadchomhartha seandálaíochta é Séipéal Cholm Cille i nGartán atá cosanta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta a ndéanfar oibreacha caomhnaithe air in 2021.*

Tá tionscadail agus imeachtaí beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin leis an chuimhneachán 1500 bliain ó rugadh Colm Cille a chomóradh idir 7 Nollaig, 2020 agus 7 Nollaig, 2021. Forbraíodh an clár, bunaithe ar chomhairliúchán forleitheadach a rinne *Abarta Heritage* don Iniúchadh ar Oidhreacht Chultúrtha Chom Cille a choimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Oidhreachta mar chuid d'fheidhmiú Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.

**Áirítear leis an chlár:**

- Ceapadh Bainisteoir Tionscadal Cholm Cille 1500 le hócáidí comórtha Cholm Cille 1500 a chomhordú le tacaíocht ó Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt.
- Oibreacha caomhnaithe ar rogha suíomhanna a bhaineann le seandálaíocht agus oidhreacht thógtha Cholm Cille lena n-áirítear Séipéal Cholm Cille, Gartán agus Mainistir Chill Mhic Réanáin.
- Seoladh treoir fuaime oidhreachta saor in aisce in-íoslódáilte ar shuíomhanna oidhreachta Cholm Cille i gContae Dhún na nGall agus foilsiú leabhar dathúcháin Cholm Cille arna choimisiúnú faoi Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.
- Coimisiún Ealaíne Poiblí ar an N56 idir Leitir Ceanainn agus Cill Mhic Réanáin.
- Comhdháil acadúil ar champas Mhig Aoidh Ollscoil Uladh.

### SPLÉACHADH AR A BHFUIL ISTIGH:


| | |
|---|---|
| Cartlanna | L3 |
| Ealaíona | L3 |
| Oidhreacht | L4 |
| Leabharlanna | L4 |
| Músaem | L5 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | L5 |



Ar chlé: *Tobar beannaithe Cholm Cille, Bíofán, Gleann Cholm Cille, is stáisiún é ar Thuras Cholm Cille a dhéantar idir 9 Meitheamh (Lá Fhéile Cholm Cille) agus 15 Lúnasa gach bliain. Grianghraf: Abarta Heritage*

- Mórthaispeántas trasteorann agus imeachtaí bainteacha, ag fiosrú réimse téamaí a bhaineann leis an naomh, a shaol agus a oidhreacht in Iarsmalann an Túir, Doire (Aibreán - Meán Fómhair 2021) agus in Iarsmalann Chontae Dhún na nGall (Meán Fómhair 2021 - Feabhra 2022).
- Tionscadal Digiteach Scoileanna Bhéaloideas Cholm Cille á chomhordú ag Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall agus Leabharlanna TÉ i gcomhar leis an Nerve Centre. Baileoidh páistí as cúig bhunscoil i nDún na nGall agus cúig bhunscoil i nDoire béaloideas faoi Cholm Cille ar bhonn trasghlúine. Taifeadfar sciar de na scéalta agus déanfar scéal beochana ar shaol agus seanchas Cholm Cille díobh a chuirfear i láthair ar ócáid sárthaispeántais in Aibreán 2021.
- Cruthú paca acmhainní oideachais do bhunscoileanna ar shaol agus oidhreacht Cholm Cille á choimisiúnú ag Cartlanna Chontae Dhún na nGall. Beidh an paca (ina mbeidh leabhrán eolais maisithe agus bileoga oibre) ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus dáilfear ar scoileanna é go luath in 2021.
- Léiriú trasteorann ag Amharclann an Ghrianáin de dhráma Brian Friel 'The Enemy Within'. Suite ar Oileán Í i bhfómhar 587 A.D., scrúdaítear sa dráma tréimhse i saol Naomh Colm Cille mar fhear atá ag gabháil dá mhinistreacht ar feadh na mblianta agus é lonnaithe i mainistir Í ach é cráite go fóill ag gnóthaí a bhaineann lena mhuintir i nDún na nGall. Caitríona McLaughlin a léirigh agus beidh an dráma ar siúl ar feadh seachtaine i Leitir Ceanainn roimh dhul ar camchuairt trí seachtaine go Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Sligeach, an Longfort agus Doire i mí na Bealtaine - Meitheamh 2021.



*Stiúrthóir Comhlach Amharclann na Mainistreach, Caitríona McLaughlin.*




*Vincent Kennedy, cumadóir, ag stiúradh Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall. Grianghraf: John Soffe.*

- Cumadh agus cóiriú sraith de shaothair cheoil de chuid Vincent Kennedy, stiúrthóir agus cumadóir Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall, a bhaineann le Colm Cille do cheolfhoireann agus do ghlórtha, i gcomhpháirt le Páirtnéireacht Oideachas Ceoil Dhún na nGall. Seinnfear an saothar nuachoimisiúnaithe den chéad uair sa dara leath de 2021.

- Táirgeadh leabharliosta de rogha teideal a bhaineann le Colm Cille a bheidh ar fáil i gCnuasach Léinn Dhún na nGall na Seirbhíse Leabharlainne.
- Taispeántas cóip mhacasamhla de Leabhar Cheanannais sa Leabharlann Láir, Leitir Ceanainn.
- Rogha imeachtaí cultúrtha ar líne agus beo a chomhlíonann srianta reatha COVID-19.

Beidh tuilleadh eolais ar chlár comórtha Cholm Cille 1500 ar fáil ar www.donegalcoco.ie

# CARTLANNA




Ar dheis: *Clúdach tosaigh, Democracy & Change/ Daonlathas & Athrú: The 1920 Local Elections/Toghcháin Áitiúla 1920*
*Creidiúint: Cartlanna Chontae Dhún na nGalls*

As siocair nach raibh an tSeirbhís Chartlainne ábalta taisteal a fhad le grúpaí staire ná scoileanna an chuid is mó den bhliain le seirbhísí agus cnuasaigh Chartlanna an Chontae a chur chun cinn, tá roinnt cur i láthair saor in aisce cruthaithe ag an tSeirbhís ar chnuasaigh chartlainne agus téamaí staire. Tá siad ar fáil ar chainéal YouTube na Comhairle Contae ag na naisc seo:

- Stair Theaghlaigh i gCartlann Chontae Dhún na nGall
- Ó Bhreith go Bás: Club Sláinte Fhánada
- Fóirithint dóibh sin a Bhí Beo Bocht: Teach na mBocht ar na Gleannta

Do dhaoine óga:

- Dún na nGall agus an Chéad Dáil
- An saol i nDún na nGall 100 Bliain ó Shin

**Daonlathas agus Athrú: Toghcháin Áitiúla 1920**
Bhí Seirbhísí Áitiúla Cartlainne, Cartlann Chontae Dhún na nGall ina measc, ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun leabhrán comórtha a fhoilsiú i dtaca leis na toghcháin áitiúla stairiúla a reáchtáladh ar fud na hÉireann in 1920. Democracy & Change: The 1920 Local Elections/ Daonlathas & Athrú an teideal atá ar an leabhrán. Fiosraítear ann téamaí ar nós theacht na hionadaíochta cionmhaire; torthaí toghcháin stairiúla; Cogadh na Saoirse; ról tábhachtach na mban; cuid de na daoine clúiteacha a toghadh. Is ó Chartlanna Chontae Dhún na nGall cuid mhór de na híomhánna agus iad ar fáil anseo.

archivist@donegalcoco.ie
donegalcoco.ie/culture/archives

# EALAÍONA

**Sparánachtaí Saothair Úir Amharclann an Ghrianáin – Let's Make Some Noise!**
D'fhógair Amharclann an Ghrianáin ar na mallaibh cúigear buaiteoirí a dtionscnaimh nua sparánachtaí, Let's Make Some Noise! Gheobhaidh gach buaiteoir sparánacht suas go dtí €4000 lena gcuid moltaí a fhorbairt chomh maith le tacaíocht bhreise léiriúcháin agus acmhainní ó Amharclann an Ghrianáin. Is iad Brenda Kelly, Ériu Dance Company, Lorcán Strain, Mirenda Rosenberg agus Orson Sterritt an cúigear buaiteoirí.

Forbróidh Brenda Kelly a dráma ceoil, ODD, ina sheó lánfhada le ceol de chuid Fionn Robinson. Déanfar dráma ceoil agus damhsa de 'The Village' de chuid Ériu Dance Company, arna chruthú ag Breandán de Gallaí, Stiúrthóir Ealaíne. Forbróidh Lorcán Strain dreas amharclainne ar théama fás aníos go haerach i bpobal tuaithe. Forbróidh an t-amhránaí-cumadóir Mirenda Rosenberg a seó aon mhná a thuilleadh. Bhí leagan gearr de le feiceáil den chéad uair ar líne ar Fhéile Chuan agus Chruacha Dhún na nGall i mbliana.



Ar chlé': *is iad Conor agus Michael Murray, ceoltóirí, comhchoimeádaithe Shraith Gheimhridh Snagcheoil an Fháil Charraigh, a bhfuil tóir mhór air.*

**Sraith Snagcheoil an Fháil Charraigh, Ar Líne**
Is faoi chomhchúram Conor agus Michael Murray, ceoltóirí, atá Sraith Snagcheoil an Fháil Charraigh, is é sin an t-athleagan ar líne d'Fhéile Snagcheoil an Fháil Charraigh. Le cuidiú ó Sheirbhís Ealaíne Chomhairle Contae Dhún na nGall, is é atá i gceist, sraith de phíosaí beo ceoil scannánaithe ina bhfuil na deartháireacha Murray agus a gcuid aíonna lena n-áirítear David Lyttle, drumadóir, Christine Tobin, amhránaí agus Jack Kelly agus Phil Robson, giotáraithe. Craoltar na coirmeacha óna 8.00in gach oíche Chéadaoin i rith mí na Samhna agus mhí na Nollag ar leathanach Facebook an Shamrock Lodge.

traolach@donegalcoco.ie
donegalcoco.ie/culture/arts%20office/

# OIDHREACHT

**Tionscnamh Bhailte Stairiúla Ráth Mealtain**

Tá oibreacha caomhnaithe ar 14 fhoirgneamh stairiúla ar Shráid an Chaisleáin, an Lána Cúil, Sráid an Droichid agus ag Cros an Mhargaidh ag teacht chun cinn go maith. Faoi Phacáiste Spreagtha Post mhí Iúil, ghnóthaigh Comhairle Contae Dhún na nGall €90,000 breise ón Chomhairle Oidhreachta le cur leis an €200,000 a fuarthas cheana féin e tacú le hoibreacha caomhnaithe. An tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Caomhnaithe araon a bhainistíonn an tionscadal i gcomhpháirt le Cumann Seoirseach Ráth Mealtain, Dedalus Architecture agus úinéirí áitiúla réadmhaoine.

**Gradaim Náisiúnta Oidhreachta**

Comhghairdeas le Cumann Staire Áitiúil Cheantar Ráth Maoláin, Johnny Shiels, Grúpa Oidhreachta an Dísirt agus le Grúpa Oidhreachta agus Staire GAP as a fheabhas a d'éirigh leo ag na Gradaim Náisiúnta Oidhreachta a d'eagraigh an Chomhairle Oidhreachta nDeireadh Fómhair.Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.



Ar chlé': *Teach tuí scoilb, doras isteach i mBaile an Droichid.*

**Scéim Deontais Athchóirithe Tuí ainmnithe faoi choinne Gradaim**

Tá Scéim Deontais Athchóirithe Tuí gearrliostaithe faoi choinne Gradam Rialtais Áitiúil Chambers Ireland sa chatagóir 'Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha'. Aithnítear leis an ghradam na tionscnaimh is fearr údarás áitiúil a chuireann chun cinn eolas, tuiscint agus cosaint na hoidhreachta áitiúla. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

**An Chomhairle Oidhreachta 25 bliain ag fás**

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag comóradh 25 bliain ar an fhód. Leis an ócáid a cheiliúradh, bhí forlíonadh speisialta in 'The Irish Times'.
Mura bhfaca tú é, amharc anseo.

heritage@donegalcoco.ie    donegalcoco.ie/culture/heritage/

# LEABHARLANNA

**Seirbhís úr chun tí**

An bhfuil tú do d'fhéinscaradh agus gach rud ar an tseilf léite agat? Más amhlaidh, tá Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall ann le cuidiú leat. Níl le déanamh ach dul i dteagmháil leis an líne Freagartha Pobail Covid 19 ar 1800 928 982 nó r-phost a chur chuig covidsupport@donegalcoco.ie.
Cuirfear i dtreo na leabharlainne thú agus beidh comhrá agat le ball foirne faoin ábhar ba mhaith leat a léamh, éisteacht leis nó amharc air. Bíodh do Eircode réidh agat nuair a scairteann tú. Déanfaidh foireann na leabharlainne a ndícheall teacht ar ábhar fóirsteanach agus b'fhéidir rud nach mbeidh tú ag dúil leis! Ansin, seachadfar na leabhair agus rudaí eile go dtí do dhoras. Má tá tuilleadh de dhíth ort, níl le déanamh ach scairteadh ar an líne Freagartha Pobail arís agus eagróidh an tSeirbhís Leabharlainne ábhar breise le seachadadh. Iasacht fhada atá i gceist le gach ábhar, níl táillí thar téama ar bith i gceist agus tá rochtain na seirbhíse saor in aisce.

Níl tú i do bhall den leabharlann? Ní deacracht ar bith é. Tá an tseirbhís seo ann do dhuine ar bith atá ag féinscaradh, bíodh siad ina mbaill leabharlainne nó ná bíodh. Tig leat clárú ar an ghuthán agus beidh do chárta úr leabharlainne le do chéad seachadadh!



*Ár Síog ar Sheilf na 'Leabharlainne'. Grianghraf: Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall*


**Am Teaghlaigh ag do Leabharlann**

Bí ag coimhéad ar ár suíomh gréasáin agus ardáin meáin shóisialta faoi choinne ár gclár Am Teaghlaigh ag do Leabharlann i mí na Nollag. Tá cuid mhór scéalta agus siamsaíocht Nollag beartaithe.

admin@donegallibrary.ie    074 9153900    donegallibrary.ie

# MÚSAEM






Ar chlé':
*Leabhrán "Ó Choimhlint Go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925"*

**Cinecommunities.org**
Mar chuid de thionscadal CINE, forbraíodh cinecommunities.org. Ar an suíomh gréasáin seo tá sraith treoracha 'tús a chur' ar réimse uirlisí digiteacha a chuireann ar chumas pobal ábhar suimiúil oidhreachta a chruthú agus a chur i láthair faoi choinne ócáidí faoi dhíon, faoin spéir agus ó chian. Mar chuid de thionscadal CINE, d'oibrigh an Iarsmalann agus a páirtnéirí i gcomhpháirt le pobail áitiúla le taispeántais fhíorúla a chruthú mar chás-staidéir san oidhreacht dhigiteach.
Áirítear leo inchheritage.org agus virtualstcatherines.net ina bhfuil sárthaispeántais den mhéid is féidir a dhéanamh le húsáid uirlisí agus ardáin dhigiteacha atá ar cinecommunities.org.

**Leabhrán:**
**"Ó Choimhlint Go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925"**
Tá leabhrán scríofa agus foilsithe ag Iarsmalann Chontae Dhún na nGall ar théama Deich mBliana na gCuimhneachán dar teideal "Ó Choimhlint Go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925". Fiosraítear sa leabhrán seo tionchar Chogadh na Saoirse, na Críochdheighilte agus an Chogaidh Chathartha, ar dhaoine agus ar phobail i dTír Chonaill. Is é aidhm an leabhráin tuiscint is leithne ar imeachtaí na tréimhse úd a chur chun cinn.

museum@donegalcoco.ie
www.donegalcoco.ie/culture/countymuseum

# IONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH

**PLAY@Home - Mí na Nollag 2020**
Seó Nollag de do chuid féin á threorú ag físeáin treorach spraíúla Lyngo Theatre!

In áit a bheith ag amharc ar sheó, tá ár gcuid féin forbartha againn a thig leat féin a dhéanamh sa bhaile! Lean ár bhfíseáin treorach spraíúla sna seachtainí roimh an Nollaig, déan prapaí agus tacair tábla as ábhair athchúrsailte agus gnáthrudaí tí, cum do sheisiúin chéadfacha féin agus gabh ar thuras cruthaitheach súgartha le chéile mar theaghlach trí ghairdín na niontas.

Cuirfimid ceol, amhráin agus scéalta ar fáil agus tig leatsa an scéal a insint faoi cén dóigh a bhfuair an Geimhreadh a chuid dathanna, do chrann Nollag féin a chruthú (le maisiúcháin iontacha). An toradh a bheidh air, sibh ag cruthú, ag súgradh agus ag fanacht le chéile agus nach é sin an chiall cheart atá leis an Nollaig?

Cliceáil **anseo** faoi choinne tuilleadh eolais.



**Ceolchoirmeacha Geimhridh RCC**
**Samhain 2020 – Eanáir 2021**
Cuirfidh an RCC sraith gheimhridh de choirmeacha ceoil i láthair ina mbeidh réimse de gach cineál ceoltóirí as Dún na nGall agus Doire, leithéidí Chlann Mhic Ruairí, Blackbird and Crow, PORTS, People Who Listen to the Sky, In Their Thousands, DJ Dano, agus go leor, leor eile.

Tuilleadh eolais ag
www.regionalculturalcentre.com

info@regionalculturalcentre.com
074 9129186
regionalculturalcentre.com